Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

# Plean Corparáideach
2025-2030



Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre
Eastern and Midland Regional Assembly



# Clár Ábhar


**Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón Stiúrthóir** 4

**Réamhrá** 5

**Maidir linne** 6
- Na Comhaltaí 6
- Struchtúr na foirne agus na heagraíochta 7
- Ár nAcmhainní 7
- An Phróifíl Réigiúnach 8

**An méid a dhéanaimid** 9
- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch 10
- Clár Chiste AE um Aistriú Cóir 10
- Rialachas Corparáideach 10
- Gnóthaí AE 10
- Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann agus an Toscaireacht Náisiúnta chuig Coiste na Réigiún 10
- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch 11
- Cad is Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach (RSES) ann? 11
- Clár Chiste AE um Aistriú Cóir 12
- Gnóthaí Eorpacha 13
- URBACT agus EUI 14
- IREO agus Tacaíocht don Toscaireacht Náisiúnta chuig Coiste na Réigiún 15
- Comhlachas Réigiúin na hÉireann 16
- Rialachas Corparáideach 16

**An Plean Corparáideach a ullmhú** 18

**Ár bhFís don Réigiún** 20

**Ár gcuspóirí** 22

**Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht** 25
- Leibhéal na heagraíochta iomláine 25
- Pleanáil spásúlachta agus forbairt eacnamaíoch 25
- Clár JTF AE 25
- URBACT – EUI 25
- Tionscadail arna maoiniú ag an AE 25

**Príomh-ghóthachtálacha agus Duaiseanna** 26

**Liosta de Chomhaltaí EMRA** 28

**Liosta de Chomhaltaí CoR** 29

**Comhaontú Seirbhíse, seirbhísí comhroinnte agus Meabhrán Tuisceana** 30

**Beartais agus Straitéisí** 30

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón Stiúrthóir

## Tá an-áthas orainn Plean Corparáideach 2025-2030 Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre a chur i láthair.

Leis an tríú Plean Corparáideach seo don Tionól tugtar achoimre ar ár bhfís don Réigiún, ar ár ráiteas misin don eagraíocht agus ar na cuspóirí straitéiseacha a dtabharfaimid fúthu chun iad a bhaint amach.

Is í an fhís atá againn ná Réigiún Eorpach atá bunaithe ar an saoránach, inbhuanaithe agus cumasaithe ina bhfuil pobail bhríomhara, acmhainneacha, a théann ó neart go neart ó thaobh an gheilleagair de, go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de agus ar féidir leis leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil trí chomhoibriú Eorpach. Chun sin a dhéanamh, beidh sé mar aidhm ag an Tionól áit a bhaint amach don Réigiún mar cheann de na réigiúin Eorpacha is inbhuanaithe agus is tarraingtí trí fhorbairt réigiúnach éifeachtach a chur i gcrích, trí thairbhe a bhaint as acmhainn na hEorpa agus trí rialachas réigiúnach a neartú. Beidh sé ag croílár ár ngníomhaíochtaí uile fós spás a chur ar fáil do chomhoibriú idir páirtithe leasmhara réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha

Is iad na luachanna lena gcuirtear taca faoinár gcur chuige ná Inbhuanaitheacht, Díriú ar Dhaoine, Oscailteacht, ar Bhonn Fianaise, Cuntasacht agus Follasacht agus Barr Feabhais.

Mar Thionól de Chomhaltaí tofa atá tacaithe ag foireann feidhmiúcháin thiomanta, is é ár bplean tús áite a thabhairt do dhaoine agus do phobail. Tá sé deartha le bheith íogair maidir le deiseanna agus athruithe nua maidir lenár dtimpeallacht oibriúcháin agus le bheith in ann dul in oiriúint leo. Ar feadh na cúig bliana atá le teacht, beidh an Plean ina threoir dár ngníomhaíochtaí agus déanfar monatóireacht air trí chlár bliantúil oibreacha ionas go gcinnteofar cur i gcrích éifeachtach agus éifeachtúil ár ngníomhaíochtaí.

De réir mar a théann an Tionól isteach sa dara deich mbliana de bheith ann, cuirtear treochlár soiléir ar fáil leis an bPlean Corparáideach seo chun a chinntiú gur féidir lenár n-eagraíocht leanúint de chur go suntasach le forbairt ár Réigiúin.

Catherine Fitzgerald

**An Clr Catherine Fitzgerald**
*Cathaoirleach*

Clare Bannon

**Clare Bannon**
*Stiúrthóir Gníomhach*





# Réamhrá

**Is ionann 2025 agus cuimhneachán 10 mbliana Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre. Sa chéad deich mbliana den Tionól Réigiúnach, chuir sé bun daingean air féin mar ghníomhaí tábhachtach na forbartha réigiúnaí agus mar spreagthach do dheiseanna Eorpacha sa Réigiún.**

**I measc na bpríomh-éachtaí sna 10 mbliana seo a chuaigh thart tá na nithe a leanas:**

- An chéad Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm trína gcuirtear pleanáil straitéiseach fhadtéarmach agus creat eacnamaíoch ar fáil do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre
- An Tionól Réigiúnach a ainmniú mar Údarás Bainistíochta do Chiste AE um Aistriú Cóir(JTF AE) agus forbairt, glacadh agus seoladh chlár JTF AE ina dhiaidh sin
- An Breathnóir um Fhorbairt Réigiúnach a fhorbairt agus a sheoladh
- Leanúint le hionadaíocht a dhéanamh ar son an réigiúin ar leibhéal AE trí IREO (an Oifig Eorpach um Réigiúin na hÉireann), agus trí Thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún.
- Ainmniú an Réigiúin mar Phointe Teagmhála maidir le dhá chlár Eorpacha atá dírithe ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe.
- Roinnt tionscadal arna maoiniú go seachtrach a chur i bhfeidhm atá nasctha le tosaíochtaí réigiúnacha agus lena ndéantar ár gceapadh beartas a threorú

Tá a thriú mandáid tosaithe ag an Tionól in 2024 agus tá sé ag tnúth leis an todhchaí agus fís athnuaite aige don Réigiún atá tacaithe ag saineolas EMRA ar phleanáil spásúlachta, ar fhorbairt eacnamaíoch, ar ghnóthaí Eorpacha agus ar rialachas réigiúnach. Tá EMRA in áit uathúil chun gníomhú mar bhealach idir réimse leathan páirtithe leasmhara ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.

Sa Phlean Corparáideach nua tugtar achoimre ar chuspóirí straitéiseacha Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ar feadh na cúig bliana le teacht agus cuirtear an comhthéacs i láthair leis freisin ina n-oibríonn an Tionól agus beidh sé ina threoir chun cuidiú leis an eagraíocht a bealach a dhéanamh trína mandáid reatha.

Dearadh an doiciméad seo le bheith solúbtha go leor chun Comhaltaí agus an eagraíocht a chumasú dul in oiriúint le timpeallacht atá ag athrú go mear agus dul i ngleic le dúshlán nó tosaíocht nua ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna blianta le teacht.

> *Is ionann 2025 agus cuimhneachán 10 mbliana Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre.*



# Maidir linne

**Is ceann amháin é Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre de na trí Thionól Réigiúnacha in Éirinn. Cruthaíodh é in éineacht le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair ag an Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 agus bunaíodh é go hoifigiúil i mí Eanáir 2015.**


Tá EMRA ina chuid de struchtúr an rialtais áitiúil agus oibríonn sé go neamhspleách chun forbairt chothromaithe agus inbhuanaithe a chur chun cinn inár réigiún trí cheapadh beartas, trí mhonatóireacht agus trí mhaoirseacht, agus trí chomhordú éifeachtach a chur chun cinn idir leibhéal AE agus leibhéil áitiúla inár réigiún.

## Na Comhaltaí

Tá Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre comhdhéanta de 42 Chomhaltaí tofa, a bhfuil 35 acu ainmnithe ag a n-údarás áitiúil. Tagann seisear Comhaltaí breise chuig an Tionól trí Choiste Eorpach na Réigiún (CoR). Éiríonn na daoine sin ina gComhaltaí de facto den Tionól tar éis dóibh a bheith ainmnithe don CoR. Mairfidh mandáid reatha an Tionóil ar feadh cúig bliana go dtí 2029. Tagann an Tionól le chéile gach mí ag Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath.

## Struchtúr na foirne agus na heagraíochta

Cuimsíonn foireann EMRA réimse ollmhór scileanna agus saineolais, agus Pleanáil, bainistíocht clár agus tionscadal Eorpach, beartais Eorpacha a chur i bhfeidhm, forbairt eacnamaíoch agus gnóthaí corparáideacha lena gcuimsítear airgeadas agus Acmhainní Daonna. Tá an eagraíocht struchtúraithe thar cheithre rannóg d'fhonn feidhmeanna an Tionóil a chomhlíonadh. Áirítear leo sin an rannóg pleanála agus forbartha eacnamaíche, an rannóg gnóthaí AE, lena n-áirítear an tÚdarás Bainistíochta do Chiste AE um Aistriú Cóir, an rannóg Chorparáideach agus Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann (IREO), atá lonnaithe sa Bhruiséil. Cuireann IREO seirbhís ar fáil do na trí Thionól Réigiúnacha agus do na húdaráis áitiúla uile in Éirinn.




## Ár nAcmhainní

Oibríonn an Tionól Réigiúnach laistigh de shrianta na reachtaíochta a bhaineann lena chuid airgid agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní airgeadais a bhíonn ar fáil. De réir an Oird Bhunaithe (I.R. Uimh. 573 de 2014), gach bliain, ullmhaíonn an Tionól a bhuiséad bliantúil a chuirtear faoi bhráid a Chomhaltaí agus a nglacann siad leis.

Déantar an Tionól Réigiúnach a mhaoiniú go príomha trí ranníocaíochtaí a fhaigheann sé ó na húdaráis áitiúla atá ina gcuid de. Déantar a ranníocaíochtaí faoi seach a ríomh ar bhonn a bhfigiúirí daonra.

**Áirítear na nithe a leanas le foinsí ioncaim eile:**

- Maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don IREO chun na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún;
- Maoiniú Eorpach: maoinítear feidhm an Údaráis Bhainistíochta trí Chúnamh Teicniúil a thagann ó chlár Chiste AE um Aistriú Cóir; maoinítear ár ról mar phointe teagmhála do chláir URBACT agus EUI (an Tionscnamh Uirbeach Eorpach) go díreach ag na cláir iad féin agus déantar ár rannpháirtíocht i dtionscadail arna maoiniú ag AE a chómhaoiniú ag an gclár AE ábhartha.

## An Phróifíl Réigiúnach

**Is é an Réigiún an réigiún is lú de na trí réigiún Éireannacha ó thaobh achar na talún de ach is é an réigiún is mó é ó thaobh mhéid an daonra de, agus níos mó ná 2.5 milliún duine ina gcónaí ann.**

**Clúdaíonn Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre limistéir riaracháin dhá údarás áitiúil déag:**

Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall, Cill Dara, Laois, Longfort, Lú, an Mhí, Uíbh Fhailí, Baile Átha Cliath Theas, an Iarmhí agus Cill Mhantáin.

Tá feidhmeanna fo-réigiúnacha ann freisin trí thrí Limistéar Pleanála Straitéisí (SPAnna), is iad sin SPAnna Lár na Tíre, an Oirthir agus Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis na limistéir Plean Spásúlachta Limistéar Cathrach (MASP) Bhaile Átha Cliath, agus áirítear seacht n-údarás áitiúla i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath: Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas agus codanna Fhine Gall, Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin.

Gníomhaíonn an Réigiún mar gheata idirnáisiúnta chun an oileáin agus aerfoirt agus calaí tábhachtacha suite ar Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste agus naisc bhóithre agus iarnróid straitéiseacha náisiúnta ann. Is í an phríomhlonnaíocht príomhchathair Bhaile Átha Cliath, atá tacaithe ag líonra de bhailte réigiúnacha agus contae agus cúlchríoch tuaithe fhairsing.

> *Gníomhaíonn an Réigiún mar gheata idirnáisiúnta chun an oileáin agus aerfoirt agus calaí tábhachtacha suite ar Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste agus naisc bhóithre agus iarnróid straitéiseacha náisiúnta ann.*

### Staidreamh


- An réigiún is mó maidir le daonra agus os cionn 2.5 milliún duine aige
- An réigiún is lú maidir le hachar talún, ag clúdach thart ar 14,500 ciliméadar cearnach
- An réigiún is mó fás agus 211,000 duine níos mó (+9%) idir na blianta 2016 agus 2022
- Réigiún na príomhchathrach agus 1.5 milliún duine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Is í Conair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste an ceirtleán eacnamaíoch is mó ar oileán na hÉireann agus cuid de ghréasán tras-Eorpach iompartha
- Inneall eacnamaíoch náisiúnta a chuireann níos mó ná 1.3 milliún post ar fáil agus leath den OTI

**3** Limistéar Pleanála Straitéisí

**12** Údarás Áitiúil


| | Réigiún Lár Tíre | Réigiún an Oirthir | Réigiún Bhaile Átha Cliath |
|---|---|---|---|
| Daonra 2022 | 318,000 | 764,100 | 1,458,100 |
| Dlús Daonra in aghaidh an chiliméadair chearnaigh | 47 duine | 108 duine | 1,551 duine |
| Athrú ar an Daonra 2016-2022 | +8.8% (25,700) | +10.9% (75,200) | +8.2% (110,700) |

Daonra 2022
Dlús Daonra in aghaidh an chiliméadair chearnaigh
Athrú ar an Daonra 2016-2022



# An méid a dhéanaimid

**Oibríonn Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) le páirtithe leasmhara ag Leibhéil AE, Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla chun Forbairt Réigiúnach Inbhuanaithe a chumasú.**




Is é príomhról an Tionóil Réigiúnaigh comhordú a spreagadh agus a chothú idir céimeanna éagsúla rialtais agus chun gníomhú mar dhroichead idir na leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.

**Chuige sin, téann EMRA i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara ar fud réimsí uile a chuid oibre:**



**Páirtithe Leasmhara Eorpacha**

- An Coimisiún Eorpach
- Parlaimint na hEorpa
- Coiste na Réigiún agus na gcathracha
- Líonraí Eorpacha



**Páirtithe Leasmhara Náisiúnta**

- Ranna Rialtais
- DHLGH; DECC; DETE; DPENDPR; DOT
- Gníomhaireachtaí Náisiúnta
- NTA, TII, Uisce Éireann
- OPR
- NOAC



**Páirtithe Leasmhara Réigiúnacha agus Áitiúla**

- Údaráis Áitiúla
- Tionóil Réigiúnacha
- Pleananna Fiontraíochta Áitiúla
- CAROnna
- LGMA agus CCMA



## Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch

Tá ról suntasach ag an Tionól Réigiúnach maidir le pleanáil agus forbairt eacnamaíoch, agus é ag gníomhú mar idirghabhálaí tábhachtach idir beartais náisiúnta agus cur i bhfeidhm áitiúil chun a chinntiú go mbíonn an fhorbairt réigiúnach straitéiseach, comhordaithe, agus inbhuanaithe.



## Rialachas corparáideach

Tacaíonn foireann chorparáideach ildisciplíneach le gníomhaíochtaí uile an Tionóil agus pléann sí le seirbhísí do Chomhaltaí, le hairgeadas, le hacmhainní daonna, agus le réimse feidhmeanna reachtúla eile.



## Clár Chiste AE um Aistriú Cóir

Is ciste é Ciste AE um Aistriú Cóir (JTF) a cruthaíodh faoi bhabhta cláreagraithe AE 2021-2027 chun cuidiú le pobail ar fud na hEorpa tabhairt faoi na dúshláin a chruthaítear ag an aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide EMRA ina Údarás Bainistíochta don chiste AE seo. Mar Údarás Bainistíochta, tá freagracht fhoriomlán ag EMRA as an gclár a chur i bhfeidhm, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a mheasúnú.



## Gnóthaí AE

Bíonn EMRA gníomhach ar leibhéal AE chun a chinntiú gur féidir leis an réigiún tionchar a imirt agus dul i bhfeidhm ar bheartais agus ar chláir AE ag a mbeidh tionchar ar ár gcríoch. Lorgaíonn an Tionól deiseanna freisin chun leas a bhaint as maoiniú AE agus chun foghlaim ó dhea-chleachtais ó gach áit san Eoraip d'fhonn ár mbeartais agus ár dtionscadail a threorú.

Tá ról tábhachtach ag EMRA maidir le roinnt clár maoinithe AE a chur i gcrích, lena n-áirítear Ciste AE um Aistriú Cóir a bhainistiú, ag gníomhú mar Phointe Teagmhála Náisiúnta do URBACT agus don Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI) agus comhpháirtíocht a dhéanamh i dtionscadail Eorpacha.

## Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann agus an Toscaireacht Náisiúnta chuig Coiste na Réigiún

Bainistíonn EMRA Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann (IREO) agus cuireann sé an Rúnaíocht ar fáil do thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún (CoR) sa Bhruiséil, ar son na dtrí Thionól Réigiúnacha.

## Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch

Áirítear le feidhmeanna reachtúla EMRA an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach (RSES) a fhoirmliú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, Pleananna Forbartha agus Pleananna Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúla a chomhordú agus a mhaoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bheartais agus chuspóirí RSES agus Phlean Spásúlachta Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath (MASP). Leasaítear roinnt de na feidhmeanna sin faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, nár achtaíodh go fóill.

Is é príomhfheidhm an Tionóil an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach (RSES) a chur i gcrích do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Rinneadh an RSES tionscnaimh don Réigiún, 2019-2031, an 28 Meitheamh 2019. San Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, ritear reachtaíocht go gcuirfear tús le hathbhreithniú ar RSES laistigh de shé mhí ó fhoilsítear Chreat Pleanála Náisiúnta athbhreithnithe nó nua.




*Is é príomhfheidhm an Tionóil an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach (RSES) a chur i gcrích do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.*

## Cad is Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach (RSES) ann?

**Is é príomhchuspóir reachtúil na Straitéise tacú le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála, agus bheartais agus chuspóirí eacnamaíocha an Rialtais trí chreat pleanála agus infheistíochta straitéisí fadtéarma a chur ar fáil don Réigiún.**

**Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024 leathnaíodh agus méadaíodh ábhar RSES, a bheidh san áireamh in athbhreithniú ar bith ar RSES. Maidir leis sin, ní mór soláthar a dhéanamh in RSES maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile:**

- Straitéis Spásúlachta
- Straitéis Eacnamaíoch
- Straitéis Aeráide
- Straitéis Fuinnimh In-athnuaite ar an gCladach
- Plean Straitéiseach an Limistéir Chathrach (MASP)
- Bearta chur i bhfeidhm agus monatóireachta do RSES agus do MASP

Cuirtear an RSES i bhfeidhm i mbeartas go príomha trí bhíthin athbhreithnithe ag údaráis áitiúla ar Phleananna Forbartha agus ar Phleananna Eacnamaíocha agus Pobail Áitiúla (LECPanna) uile, chun a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le beartas réigiúnach. Tríd an athbhreithniú ar RSES 2019-2031 cinnteofar go bhfuil sí ar aon dul le Creat Forbartha Náisiúnta athbhreithnithe nó nua, le beartais eacnamaíocha ar bith, agus go mbeidh sí ar aon dul go hábhartha leis an gCreat Pleanála Mara Náisiúnta, agus le beartais agus bearta pleanála náisiúnta ábhartha. Beidh bearta san áireamh san RSES agus MASP chun cur i bhfeidhm agus monatóireacht éifeachtach a chinntiú ina leith, lena n-áirítear comhoibriú comhlachtaí poiblí.

## Clár Chiste AE um Aistriú Cóir

**I mí na Nollag 2022, cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide EMRA ina Údarás Bainistíochta do Chiste AE um Aistriú Cóir. Mar Údarás Bainistíochta, tá freagracht fhoriomlán ag EMRA as an gclár a chur i bhfeidhm, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a mheasúnú.**

Is clár maoinithe é clár JTF AE a ritheann ó 2021 go 2027. Cruthaíodh an ciste seo chun tacú le réigiúin ar fud na hEorpa atá buailte ag iarmhairtí diúltacha ón aistriú ó thionscail atá dian ar bhreoslaí iontaise.

In Éirinn, tá tacaíocht á tabhairt ag an gclár seo do limistéir mhórcheantar Lár na Tíre ina raibh pobail buailte go diúltach ag dúnadh saoráidí táirgthe móna agus saoráidí giniúna fuinnimh atá cumhachtaithe ag móin. Tá an ciste cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach, agus tá suas le €169 milliún ar fáil ar feadh fhad an chiste do Chríoch ainmnithe JTF lena gclúdaítear contaetha Laoise, Longfoirt, Uíbh Fhailí, na hIarmhí agus Ros Comáin agus ceantair bhardasacha Bhéal Átha na Slua i nGaillimh, Charraig na Siúire agus Durlais i dTiobraid Árann, agus Bhaile Átha Í agus Chlaonta i gCill Dara.

Tá an infheistíocht dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'éagsúlú geilleagar áitiúil agus do chruthú deiseanna nua a chuireann le sócmhainní na Críche. Tríd an gciste déanfar tailte portaigh díghrádaithe a athshlánú agus déanfar sócmhainní oidhreachta tionsclaíche a athghiniúint, agus déanfar infheistíocht freisin i soghluaisteacht mhóibíleach atá cliste agus inbhuanaithe ionas go mbeidh pobail áitiúla in ann tairbhe a bhaint ó na deiseanna agus áiseanna eacnamaíocha.

**Tá trí phríomhthosaíocht cuimsithe sa chlár:**

- P1. Fostaíocht a ghiniúint tríd an ngeilleagar áitiúil a éagsúlú.
- P2. Tailte portaigh díghrádaithe a athshlánú agus sócmhainní oidhreachta tionsclaíche a athghiniúint
- P3. Roghanna soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe

> *In Éirinn, tá tacaíocht á tabhairt ag an gclár seo do limistéir mhórcheantar Lár na Tíre ina raibh pobail buailte go diúltach ag dúnadh saoráidí táirgthe móna agus saoráidí giniúna fuinnimh atá cumhachtaithe ag móin.*

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre
Eastern and Midland Regional Assembly





## Gnóthaí Eorpacha

**Bíonn EMRA gníomhach ar leibhéal AE chun a chinntiú gur féidir leis an réigiún tionchar a imirt agus dul i bhfeidhm ar bheartais agus ar chláir AE ag a mbeidh tionchar ar ár gcríoch. Lorgaíonn an Tionól deiseanna comhoibrithe freisin, ó mhaoiniú AE agus foghlaimíonn sé ó dhea-chleachtais ó ar fud na hEorpa chun ár mbeartais agus ár dtionscadail a threorú.**

Tá ról tábhachtach ag EMRA maidir le roinnt clár maoinithe AE a chur i gcrích, maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (clár an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre) agus Clár eile, agus a bheith ina phointe teagmhála do URBACT agus EUI, agus comhpháirtíocht a dhéanamh i dtionscadail AE.

Lasmuigh dá ról mar Údarás Bainistíochta do chlár JT AE, tá baint ag EMRA le monatóireacht a dhéanamh ar roinnt clár eile arna maoiniú ag an AE.

Agus é ag cloí leis na Prionsabail Chomhpháirtíochta laistigh den Chomhaontú Comhpháirtíochta leis an Aontas Eorpach, tá EMRA ar Choistí Monatóireachta Clár nó ar Choistí Stiúrtha, nó ar an dá choiste araon, de chuid dhá chlár Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa in Éirinn, ESF+, RMFAF (An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe) agus chláir AMIF (an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht). I bhfianaise ábharthacht chlár ERDF an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre don Réigiún don tréimhse 2021-2027, tugadh ról méadaithe do EMRA maidir le cur i bhfeidhm an Chláir agus dá bhrí sin oibríonn sé go dlúth le hÚdarás Bainistíochta an Chláir, is é sin Tionól Réigiúnach an Deiscirt. Tá ionadaíocht ag EMRA freisin ar choistí monatóireachta chláir INTERREG a leanas: URBACT, PEACEPLUS, Limistéar an Atlantaigh agus Iarthuaisceart na hEorpa.

Maidir leis an méid thuas, tá EMRA rannpháirteach i measúnuithe ar thograí tionscadail ar son na hÉireann.

**Pointe Teagmhála Náisiúnta agus tacaíocht d'údaráis áitiúla**

Gníomhaíonn EMRA mar Phointe Teagmhála Náisiúnta (NCP) thar ceann dhá chlár Eorpacha atá dírithe ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe: URBACT agus an Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI). Baineann an ról NCP le faisnéis a roinnt faoin gclár as a bhfuil sé freagrach agus chun forbairt tionscadal a éascú trí thacaíocht agus treoir a chur ar fáil d'iarratasóirí.

## URBACT agus EUI

EUROPEAN URBAN INITIATIVE | URBACT | Co-funded by the European Union Interreg

IRELAND - ÉIRE

**Is clár uirbeach Eorpach é URBACT** lena gcuirtear forbairt uirbeach inbhuanaithe chomhtháite chun cinn i gcathracha agus i mbailte de gach méid san Eoraip trí chomhoibriú agus trí mhalartú smaointe a chumasú i measc cathracha laistigh de líonraí téamacha, trí scileanna páirtithe leasmhara a fhorbairt chun beartais chomhtháite agus rannpháirteacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, agus trí eolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt.

Leis an **Tionscadal Uirbeach Eorpach (EUI)** déantar iarracht cuidiú le baint amach an Chláir Oibre Uirbigh don AE trí thacú le ceantair uirbeacha trí ghníomhaíochtaí nuálacha, trí fhorbairt cumais agus eolais, trí fhorbairt beartas, agus trí chumarsáid a dhéanamh maidir le forbairt uirbeach inbhuanaithe atá ábhartha don AE. Cuidíonn na tionscadail le réitigh, teicnící, agus samhlacha pleanála nua a thástáil. Trí sin a dhéanamh, féachann an tAE lena chinntiú go mbíonn páirt ghníomhach ag cathracha i bhfreagairtí beartais a dhearadh agus a chur i bhfeidhm maidir lena ndúshláin áitiúla.

Tá an dá chlár cómhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Lasmuigh den ról mar Phointe Teagmhála, cuireann EMRA comhairle agus treoir ar fáil ar bhonn leanúnach d'údaráis áitiúla sa Réigiún maidir le maoiniú AE, le tacaíocht agus le saineolas ó Oifig Eorpach Choiste na Réigiún. Cuidíonn EMRA le sreafaí maoinithe féideartha a shainaithint do thionscadail áitiúla, éascaíonn sé cuardaigh ar chomhpháirtithe ar fud na hEorpa agus scaipeann sé faisnéis maidir le deiseanna a thagann chun cinn ar leibhéal an AE ionas go mbaintear leas as oiliúint, go bhfoghlaimítear ó chomhpháirtithe san Eoraip agus go gcuirtear éachtaí agus dea-chleachtais áitiúla i láthair.



**Líonraí**

Glacann EMRA páirt i ngníomhaíochtaí na líonraí Eorpacha a bhfuil a gcuspóirí in oiriúint le tosaíochtaí réigiúnacha. Is foinse úsáideach iad líonraí chun comhpháirtithe a shainaithint a bhfuil na dúshláin chéanna rompu, chun smaointe agus dea-chleachtais a mhalartú agus chun labhairt le chéile ar son athraithe.



**Tionscadail AE**

Glacann EMRA le ról an chomhpháirtí i dtionscadail Eorpacha agus téann sé i ngleic le dúshláin agus le hábhair atá ábhartha don Réigiún. Trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail Eorpacha cuirtear ar chumas EMRA foghlaim ó chomhpháirtithe Eorpach a mbíonn na dúshláin agus ceisteanna céanna rompu, chun páirtithe leasmhara agus dea-chleachtais an réigiúin a chur i láthair do spriocluchta níos leithne agus chun tairbhe a bhaint as foghlaim trína gcuirfear lenár mbeartais agus straitéisí réigiúnacha féin.

*"Glacann EMRA le ról an chomhpháirtí i dtionscadail Eorpacha agus téann sé i ngleic le dúshláin agus le hábhair atá ábhartha don Réigiún.*

## IREO agus Tacaíocht do Thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún

**Bainistíonn EMRA Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann (IREO) agus cuireann sé an Rúnaíocht ar fáil do thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún (CoR) sa Bhruiséil, ar son na dtrí Thionól Réigiúnacha.**

Tá Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann lonnaithe sa Bhruiséil agus cuireann sí seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na trí Thionól Réigiúnacha agus do 31 údarás áitiúil na hÉireann. Agus í ag oibriú mar chuid de Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre agus le tacaíocht airgeadais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá sí dírithe ar an AE a thabhairt níos deise don earnáil rialtais áitiúil níos leithne agus ar a mhalairt.

Cuireann Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann comhairle agus faisnéis atá straitéiseach agus tráthúil ar fáil maidir le forbairt beartas AE do na trí Thionól Réigiúnacha agus d'údaráis áitiúla in Éirinn agus déanann sí Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún a chomhordú agus a thacú.

**Seo a leanas cúig chuspóir IREO:**

1. Feasacht a ardú agus na deiseanna a chur in iúl maidir le rannpháirtíocht i gcláir mhaoinithe AE.
2. Deiseanna a lorg chun tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais AE.
3. Cumas agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le réigiúin eile
4. Treorú a dhéanamh chuig Pointí Teagmhála Náisiúnta atá lonnaithe i dTionóil Réigiúnacha, agus aird á díriú ar a ról maidir le tacaíocht forbartha a sholáthar roimh thionscadail agus tar éis tionscadal
5. Próifíl láidreachtaí an Rialtais áitiúil agus réigiúnaigh in Éirinn a ardú maidir le comhpháirtithe Eorpacha agus institiúidí AE.

Tá róil thábhachtacha ag IREO agus ag Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún i dtaca le forbairt réigiúnach agus rannpháirteachas san AE trína méadaítear tionchar na hÉireann ar chinnteoireacht an AE. Tá sé mar aidhm ag an dá chomhlacht chun a chinntiú go dtugtar faoi riachtanais áitiúla agus réigiúnacha na hÉireann i mbeartais AE. Sa bhreis air sin, trí rannpháirtíocht a neartú i líonraí Eorpacha déanfar tairbhe breise do réigiúin na hÉireann.

**European Committee of the Regions**

### Rúnaíocht don Toscaireacht chuig Coiste na Réigiún

Is comhlacht comhairleach é Coiste Eorpach na Réigiún (CoR) atá comhdhéanta d'ionadaithe a thoghtar ar bhonn áitiúil agus réigiúnach a thagann ó gach ceann de na 27 mBallstát. Tríd an CoR bíonn siad in ann a dtuairimí a chomhroinnt maidir le reachtaíocht AE a théann i bhfeidhm go díreach ar réigiúin agus ar chathracha. Trí Choiste na Réigiún bíonn ionchur oifigiúil ag réigiúin agus ag cathracha i reachtóireacht AE chun a chinntiú go dtugtar meas ar dhearcadh agus ar riachtanais na n-údarás réigiúnach agus áitiúil.

Ainmníonn gach tír Comhaltaí dá rogha féin a cheaptar ar feadh téarmaí cúig bliana in-athnuaite ag Comhairle an AE. Bíonn líon na gComhaltaí in aghaidh na tíre ag brath ar mhéid an daonra sa tír sin.

Tá naonúr Comhaltaí Iomlána agus naonúr Comhaltaí Ionaid ag Éirinn ar CoR ar ainmníodh iad ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Gníomhaíonn Stiúrthóir EMRA mar Rúnaí agus cuireann IREO comhordú náisiúnta ar fáil do thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún, agus an aidhm ann cur leis na ceangail straitéiseacha idir gníomhaíochtaí na toscaireachta agus tosaíochtaí rialtas áitiúil agus réigiúnach na hÉireann.

## Rialachas Corparáideach

**Tá Foireann Chorparáideach an Tionóil Réigiúnaigh freagrach as treo straitéiseach an Tionóil a chur ar aghaidh agus as a chinntiú go bhfeidhmíonn an eagraíocht go réidh agus go héifeachtach.**

Tá an rannóg Chorparáideach freagrach as an gcaidreamh le Comhaltaí agus as cruinnithe míosúla an Tionóil agus cruinniú ar bith eile a eagraítear do na Comhaltaí a eagrú. Cuireann an Tionól Réigiúnach na Comhaltaí dá chuid ag croílár a chuid oibríochtaí trína chinntiú go bhfaigheann siad an tacaíocht agus an oiliúint mar is ceart chun a bhfeidhm a chur i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí.

Cumann Réigiún na hÉireann
Association of Irish Regions

### Comhlachas Réigiúin na hÉireann

Is ball é EMRA, in éineacht le Tionóil Réigiúnacha an Deiscirt agus an Tuaiscirt & an Iarthair, de Chomhlachas Réigiúin na hÉireann (AIR) atá ina chomhlacht ionadaíochta do na trí Thionól Réigiúnacha in Éirinn. Tá Ballraíocht an Chomhlachais comhdhéanta de Stiúrthóirí, de Chathaoirligh, de Leas-Chathaoirligh agus de Chathaoirligh atá ag dul as oifig de chuid na dTionól Réigiúnach, mar aon le beirt Bhall eile in aghaidh an Tionóil a ainmnítear ag an gcruinniú Bliantúil.

Trí Chomhlachas Réigiúin na hÉireann cuirtear fóram comhpháirteach ar fáil do Chomhaltaí na dTionól Réigiúnach chun comhairle agus treoir a chomhroinnt agus a sholáthar maidir lena ról agus chun labhairt ar son na dTionól Réigiúnach in Éirinn trí aighneachtaí agus uiríoll a dhéanamh leis an Rialtas, leis an Aontas Eorpach agus le comhlachtaí ábhartha eile maidir le gnóthaí atá ábhartha dóibh, amhail rialachas réigiúnach, pleanáil, forbairt réigiúnach agus todhchaí Mhaoiniú AE. Tá sé mar aidhm ag AIR freisin cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú ar féidir le Comhaltaí í a chur ar fáil dá n-údaráis áitiúla agus don tseirbhís phoiblí.

Déanann an fhoireann Chorparáideach maoirseacht ar fheidhm cumarsáide corparáidí an Tionóil lena n-áirítear an Plean Corparáideach, tuarascálacha bliantúla, clár bliantúil oibreacha a dhréachtú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leo sin a chur i bhfeidhm don Tionól. Tá sé freagrach as cumarsáid sheachtrach an Tionóil Réigiúnaigh, as an suíomh gréasáin a bhainistiú agus as bealaí cumarsáide eile.

Is iad a dhaoine an phríomhacmhainn atá ag an Tionól Réigiúnach. Laistigh den fhoireann Chorparáideach, cinntíonn rannóg na nAcmhainní Daonna go mbíonn na scileanna mar is ceart ag an eagraíocht d'fhonn róil agus oibleagáidí EMRA a chomhlíonadh agus cuireann sí timpeallacht dhearfach ar fáil dá foireann, atá fabhrach don fhorbairt ghairmiúil. Tá an rannóg AD freagrach as an lucht saothair a phleanáil, as oiliúint agus forbairt, as folláine na foirne agus as bainistíocht feidhmíochta.

Tá an rannóg airgeadais freagrach as reáchtáil laethúil airgeadais an Tionóil, ag cinntiú go n-íoctar cuntais agus párolla go tráthúil agus go gcomhlánaítear tuairisceáin airgeadais. De réir an Oird Bhunaithe, tá an rannóg freagrach freisin as an mbuiséad bliantúil agus an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) a ullmhú. Téann sí i dteagmháil gach bliain leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil. Cuireann an rannóg Airgeadais tacaíocht agus cúnamh ar fáil d'fhoireann Údarás Bainistíochta JTF AE maidir le feidhmíocht airgeadais an chláir, comhlíontacht agus an comhrac i gcoinne calaoise. Tá sí freagrach freisin as éilimh Taistil agus Cothaithe a íoc le Comhaltaí agus leis an bhfoireann araon agus as íocaíochtaí liúntais na gComhaltaí.

> *Tá an rannóg Chorparáideach freagrach as an gcaidreamh le Comhaltaí agus as cruinnithe míosúla an Tionóil agus cruinniú ar bith eile a eagraítear do na Comhaltaí a eagrú.*



**Cinntíonn an fhoireann Chorparáideach go gcomhlíonann an Tionól a chuid oibleagáidí reachtúla agus go mbíonn sé ag oibriú ar na caighdeáin is airde. Áirítear an méid a leanas leis sin:**

- Mar chuid den earnáil rialtais áitiúil, cinnteoidh an Tionól Réigiúnach go gcomhlíonann sé an **Cód Rialachais d'Údaráis Áitiúla** agus na forálacha dá chuid sa mhéid agus atá siad infheidhme le Tionóil Réigiúnacha.
- Tá EMRA tiomanta, mar chomhlacht poiblí, do chur chun cinn comhionannais, don idirdhealú a chosc agus do chearta daonna a chuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine eile a chosaint a dtéann a bheartais agus a phleananna i bhfeidhm orthu. Cinnteoidh EMRA go gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí i dtaca leis **an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí** agus de réir Alt 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus beidh aird aige ar an ngá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.
- Mar chomhlacht poiblí atá ainmnithe faoin Acht, éilítear ar EMRA **Acht na dTeangacha Oifigiúla** a chomhlíonadh agus cinnteoidh sé go gcomhlíontar a chuid oibleagáidí reachtúla uile maidir le húsáid na Gaeilge.

**An timpeallacht oibriúcháin agus rioscaí**

Oibríonn an Tionól Réigiúnach i gcomhthéacs atá fabhrach ar an iomlán ach atá ag athrú. Thar shaolré an Phlean Chorparáidigh seo sa Tionól, feicfear achtú reachtaíochta pleanála nua agus idirbheartaíocht agus glacadh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil nua 2027 - 2034 de chuid an AE. Ina dhiaidh sin, déanfar athbhreithniú ar bheartais agus ar chláir mhaoinithe Eorpacha uile don chéad tréimhse chláreagraithe eile. Beidh tionchar suntasach ag na forbairtí reachtaíochta uile sin lena bhfuiltear ag súil ar fheidhmeanna na heagraíochta agus ar an méid a cheaptar go gcuirfidh sé i gcrích. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go mbeidh an Tionól Réigiúnach fós solúbtha agus inoiriúnaithe maidir lena chuid gníomhaíochtaí chun athruithe móra ar bith ar a thimpeallacht oibriúcháin a chuimsiú agus a Phlean Corparáideach agus cuspóirí a leasú dá réir sin. Déanfar é sin a éascú trí phróiseas láidir le haghaidh cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh a mhonatóiriú.

# An Plean Corparáideach a ullmhú

**Tá próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ina bhunchloch le forbairt an Phlean Chorparáidigh seo. De réir mar atá luaite i dtreoirlínte an Rialtais maidir le Pleananna Corparáideacha a ullmhú, chuaigh EMRA i gcomhairle "ar bhonn ionchuimsitheach agus cur chuige straitéiseach ar fud na heagraíochta á úsáid".**

## Chuathas i gcomhairle le ceithre phríomhghrúpa:


### 01



### Comhaltaí an Tionóil;

ar feadh an Phróisis, coinníodh na Comhaltaí ar an eolas maidir le forbairt an Phlean ag cruinnithe an Tionóil. Eagraíodh ceardlann thiomanta do Chomhaltaí chun cur ar a gcumas a gcuid tuairimí a thabhairt ar spriocanna agus ar mhisean an Tionóil. Chomh maith leis sin chuir Comhaltaí an Tionóil le forbairt an Phlean Chorparáidigh trí rún a ghlacadh ag cruinniú Mheán Fómhair 2024 ina raibh "Ráiteas Beartais do Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre agus ionchur tosaigh le haghaidh an Plean Corparáideach a fhorbairt do théarma 2025 go 2030".

### 02



### Foireann an Tionóil:

dearadh ceistneoir go sainiúil d'fhostaithe uile an Tionóil. Bhí ceardlann ar siúl ina dhiaidh sin nuair a rinne foireann uile EMRA machnamh ar ról an Tionóil agus ar a threo amach anseo.

### 03



### Príomhpháirtithe leasmhara an Tionóil:

dearadh ceistneoir go sainiúil do phríomhpháirtithe leasmhara an Tionóil agus rinneadh é a roinnt leo le ríomhphost. Áiríodh le páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo: údaráis áitiúla EMRA, Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Náisiúnta, comhpháirtithe Réigiúnacha agus institiúidí oideachais tríú leibhéal.


### 04



### An pobal i gcoitinne:

dearadh ceistneoir go sainiúil chun tuairimí an phobail a bhailiú maidir le ról agus uaillmhianta an Tionóil. Rinneadh é sin a phoibliú trínár mbealaí meán sóisialta.

## Achoimre ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ón bpróiseas comhairliúcháin




Cuimsíodh an Rún a ghlac Comhaltaí an Tionóil agus na léargais a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin i bhforbairt an Phlean Chorparáidigh. Léirítear na téamaí tosaíochta a sainaithníodh ar fud an Phlean agus cuirfear iad san áireamh i réimsí oibre uile an Tionóil. Léirítear é sin go suntasach i misean, i bhfís agus i gcuspóirí na heagraíochta.



# Ár bhfís don Réigiún

## ÁR BHFÍS



*Réigiún Eorpach atá bunaithe ar an saoránach, inbhuanaithe agus cumasaithe*

## ÁR MISEAN



*Áit ar leith a bhaint amach do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre mar cheann de na réigiúin is inbhuanaithe agus is tarraingtí san Eoraip*

## ÁR GCUSPÓIRÍ



**Forbairt réigiúnach éifeachtach**



**Tairbhe a bhaint as acmhainn an chomhoibrithe Eorpaigh**



**Rialachas Réigiúnach a neartú**

**Rannpháirteachas páirtithe leasmhara agus rialachas il-leibhéal**

## Fís

### Réigiún Eorpach atá bunaithe ar an saoránach, inbhuanaithe, cumasaithe

**Bunaithe ar an saoránach:**
Ag díriú ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal na ngnáthdhaoine

**Cumasaithe:**
Rialachas réigiúnach a neartú trí eagraíocht tacaíochta láidir

**Inbhuanaithe:**
lán le pobail bhríomhara, sheasmhacha, a théann ó neart go neart ar bhonn eacnamaíoch agus sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de

**Eorpach:**
leas á bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil trí chomhoibriú Eorpach

## Ráiteas misin

***Áit ar leith a bhaint amach do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre mar cheann de na réigiúin is inbhuanaithe agus is tarraingtí san Eoraip***

Is é ár misean chun fórsa dinimiciúil agus comhoibritheach a chruthú i bhforbairt inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus éifeachtach Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, trí rialachas réigiúnach a neartú, trí phleanáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach a threorú, trí dheiseanna ón AE a uasmhéadú, agus trí chreat um chomhoibriú a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus AE.

## Luachanna

**Inbhuanaitheacht -**
cáilíocht na beatha agus seasmhacht a uasmhéadú do ghlúnta reatha agus amach anseo inár Réigiún

**Dírithe ar dhaoine -**
daoine a chur ag croílár ár ngníomhaíochta, a bhforbairt a spreagadh agus a bhfeidhmíocht a chúiteamh

**Oscailteacht -**
a bheith so-aimsithe agus caidrimh dhearfacha a chothú le páirtithe leasmhara uile

**Fianaise-bhunaithe -**
ár mbeartais agus ár gcinntí a bhunú ar shonraí agus ar fhaisnéis atá cuimsitheach agus iontaofa

**Cuntasacht agus Follasacht -**
a bheith cuntasach agus freagrach as ár gcinntí uile, ag cinntiú go gcuirtear in iúl iad ar bhealach oscailte agus follasach

**Ionracas -**
obair a dhéanamh ar bhealach prionsabálta, oscailte agus coinsiasach

**Barr Feabhais -**
ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí chun an cáilíocht seirbhíse is fearr a chur ar fáil agus feabhsú leanúnach a aimsiú



# Ár gcuspóirí

## D'fhonn ár bhfís don Réigiún a bhaint amach agus chun fanacht dílis dár misean, beidh Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre fós ina phríomhbhealach agus ina éascaitheoir comhoibrithe idir páirtithe leasmhara ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus AE.

Tá an Tionól Réigiúnach suite in áit ar leith chun creat a chur ar fáil lena gcuirfear ar chumas leibhéal rialachais ábhartha uile teacht le chéile ar mhaithe lenár Réigiún. Tá ár neart le fáil sa chumas sin chun bheith os cionn leibhéil éagsúla an rialachais agus cuirfidh sé taca faoi gach beart a dhéanfaidh an Tionól. I réimsí uile a chuid oibre, cinnteoidh EMRA go rachaidh sé i dteagmháil le raon leathan de pháirtithe leasmhara d'fhonn idirchaidreamh dinimiciúil agus dearfach a chothú ar mhaithe leis an Réigiún.

### Tabharfaidh Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre faoi na cuspóirí a leanas:


**01** **Forbairt réigiúnach éifeachtach** a chur i gcrích don Réigiún agus do na pobail dá chuid, d'fhonn cáilíocht na beatha a fheabhsú, fás eacnamaíoch inbhuanaithe a thacú agus a chothú i dtreo geilleagar athghiniúnach, an bonneagar riachtanach a sholáthar, agus soláthar a dhéanamh do Réigiún glas, ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

**02** Tairbhe a bhaint as acmhainn an **chomhoibrithe Eorpaigh** ar mhaithe lenár Réigiún agus lena phobail

**03** **Rialachas Réigiúnach a neartú** trí eagraíocht láidir a chur ar fáil a fheabhsaíonn rialachas réigiúnach agus atá in ann riachtanais Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a chomhlíonadh go héifeachtach.

## 01

**Forbairt réigiúnach éifeachtach** a chur i gcrích don Réigiún agus dá phobail, chun cáilíocht na beatha a fheabhsú, fás eacnamaíoch inbhuanaithe a thacú agus a chothú i dtreo geilleagar athghiniúnach, an bonneagar riachtanach a chur ar fáil, agus soláthar a dhéanamh do Réigiún glas, ísealcharbóin atá seasmhacht ó thaobh na haeráide de.




**Beart 1.1:** An Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach a Fhorbairt, a Chur i bhFeidhm agus a Mhonatóiriú d'fhonn creat fadtéarma pleanála straitéisí agus eacnamaíoch a chur ar fáil, agus tarraingteacht réigiúnach a chur chun cinn don Réigiún, lena n-áirítear trí sholáthar riachtanach bonneagair agus nasc.

**Beart 1.2:** Forbairt inbhuanaithe, atá bunaithe ar an dúlra agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a threorú

**Beart 1.3:** Clár Oibre an Bheartais Réigiúnaigh a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go n-éistear le guth an Réigiúin

**Beart 1.4:** A chinntiú go ndéantar ceapadh beartas agus pleananna a chomhordú d'fhonn éifeachtacht agus comhsheasmhacht a chur chun cinn i rialtas áitiúil agus i seirbhísí poiblí

## 02

Tairbhe a bhaint as acmhainn an **chomhoibrithe Eorpaigh** ar mhaithe lenár Réigiún agus lena phobail




**Beart 2.1:** Straitéis Eorpach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rannpháirteachas an Réigiúin ar leibhéal an AE a fheabhsú agus tionchar a imirt ar cheapadh beartas AE

**Beart 2.2**: Maoiniú AE a Bhainistiú agus a Chur i bhFeidhm ar mhaithe leis an Réigiún agus chun forbairt réigiúnach éifeachtach a chinntiú

**Beart 2.3:** A bheith ina Mhol Acmhainní AE don Réigiún chun ligean dár bpáirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha tairbhe a bhaint as deiseanna Eorpacha

**Beart 2.4:** Páirt a ghlacadh i dTionscadail AE chun leas a bhaint as deiseanna réigiúnacha agus chun tabhairt faoi thosaíochtaí agus faoi dhúshláin réigiúnacha

**Beart 2.5:** Leanúint d'ionadaíocht a dhéanamh ar son an réigiúin ar leibhéal AE trí IREO feabhsaithe agus trí thacaíocht do Thoscaireacht na hÉireann um Choiste na Réigiún, ag cinntiú go dtéann tuairimí áitiúla agus réigiúnacha i bhfeidhm ar cheapadh beartas AE agus go n-imríonn siad tionchar air.

## 03

**Rialachas Réigiúnach a neartú** trí eagraíocht láidir a chur ar fáil a fheabhsaíonn rialachas il-leibhéal agus atá in ann riachtanais Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre a chomhlíonadh




**Beart 3.1:** Tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil do Chomhaltaí an Tionóil Réigiúnaigh ina ról mar chinnteoirí agus mar ionadaithe don Réigiún.

**Beart 3.2** Inbhuanaitheacht fhadtéarma Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a neartú trí Chomhlachas Réigiúin na hÉireann a fhorbairt, trí labhairt ar son daonlathas réigiúnach agus áitiúil neartaithe, agus trí thacaíocht a thabhairt don Tionól Réigiúnach cothroime a bhaint amach le Réigiúin ar leibhéal náisiúnta agus Eorpacha

**Beart 3.3:** Próifíl na heagraíochta a ardú chun a chinntiú go mbíonn feasacht agus tuiscint níos fearr ar ról an Tionóil Réigiúnaigh agus braistint féiniúlachta a chothú.

**Beart 3.4:** Folláine agus forbairt ghairmiúil ár bhfoirne a chinntiú agus pleanáil straitéiseach a dhéanamh do lucht saothair na todhchaí

**Beart 3.5:** Creat láidir rialachais a chinntiú agus ár gcórais theicneolaíochta a fhorbairt d'fhonn eagraíocht láidir, éifeachtúil, fhollasach a sheasfaidh an aimsir a chinntiú.

**Beart 3.6:** Rialachas láidir airgeadais agus cuntasacht na heagraíochta a chinntiú agus luach ar airgead a thacú inár gcuid oibríochtaí



# Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

**Sa téarma seo díreoidh an Tionól go príomha ar mhonatóireacht agus ar thuairisciú rialta ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus ar dhul chun cinn i dtreo bhaint amach ár gcuspóirí. Bainfear úsáid as na táscairí feidhmíochta arna soláthar ag NOAC (an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta) nuair is ábhartha, cé gur dearadh iad le haghaidh údaráis áitiúla.**

Mar Thionól Réigiúnach, d'fhorbraíomar raon meicníochtaí chun a chinntiú go ndéantar an plean a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus chun monatóireacht a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil beart á dhéanamh de réir a bhriathair ag EMRA maidir lena chuspóirí agus oibleagáidí reachtúla ar fud na réimsí oibre dá chuid.

## Leibhéal na heagraíochta iomláine

Gach bliain, glacfaidh an Tionól Clár Oibreacha bliantúil lena léireofar struchtúr agus cuspóirí an Phlean Chorparáidigh, ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i bhfeidhm i rith na bliana. Tuairisceoidh an Tionól gach ráithe do na Comhaltaí ar chur i bhfeidhm an Chláir Oibreacha. Déanfar an Clár Oibreacha é féin a aistriú go pleananna foirne inmheánacha ar a ndéanfar athbhreithniú in éineacht le feidhmíocht.

Déanfaidh an Tionól a thuarascáil bhliantúil a dhréachtú agus a ghlacadh gach bliain. Comhlíonfaidh EMRA ceanglais airgeadais agus iniúchóireachta trí Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) a ullmhú.

## Pleanáil spásúlachta agus forbairt eacnamaíoch

De réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2024, cuirfidh an Tionól tuarascáil ar fáil gach ceithre bliana chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bheartais agus chuspóirí RSES (an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach) agus MASP Bhaile Átha Cliatha a ghabhann léi.

Tugtar tacaíocht do bheartais agus do chuspóirí RSES agus MASP Bhaile Átha Cliath ag an Monatóir Forbartha Réigiúnaí (RDM), i measc nithe eile, atá ina thionscadal comhoibritheach idir na Trí Thionól Réigiúnacha, an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) agus Tailte Éireann. Déanann RDM forbhreathnú físiúil a thiomsú agus a chur i láthair ar tháscairí soch-eacnamaíocha agus timpeallachta ábhartha a theastaíonn chun measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht maidir leis na cuspóirí sna RSESanna a bhaint amach do gach réigiún. Is é EMRA a bhainistíonn an RDM thar ceann na dTrí Thionól Réigiúnacha.

## Clár JTF AE

Mar Údarás Bainistíochta an Chiste, eagróidh an Tionól cruinniú amháin ar a laghad in aghaidh na bliana den Choiste Monatóireachta Cláir chun tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Chláir.

Gach bliain, glacfaidh an Tionól páirt i gcleachtas athbhreithnithe bhliantúil ar fheidhmíocht faoi choimirce an Choimisiúin Eorpaigh.

Le linn shaolré an Phlean Chorparáidigh, déanfaidh Clár JTF AE athbhreithniú meántréimhseach freisin chun a fheidhmíocht a mheasúnú go dtí sin agus déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta measúnú deiridh ar chur i bhfeidhm an Chláir.

## URBACT – EUI

Faoi dhó sa bhliain, déanfaidh EMRA tuarascáil ar ghníomhaíocht agus tuarascáil airgeadais a ullmhú agus a chur isteach d'údaráis na gClár

## Tionscadail arna maoiniú ag an AE

Maidir le gach tionscadal ina nglacann EMRA páirt, déanfaidh comhlachtaí iniúchóireachta an chláir ábhartha tuarascálacha gníomhaíochta agus airgeadais a ullmhú agus a athbhreithniú.

# Príomh-ghóthachtálacha agus Duaiseanna

## 2020



- Buaiteoirí sa Chatagóir um Cheapadh Pleananna ag Duaiseanna Pleanála na hÉireann, mar aitheantas ar an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach (RSES)

## 2021

- Comhdháil 2021 ENCORE a eagrú agus a óstáil agus dearbhú na Tulaí Móire a shíniú
- Ceapadh EMRA mar Údarás Bainistíochta do Chiste AE um Aistriú Cóir 2021-2027
- Glacadh 1ú Tuarascáil Monatóireachta RSES




## 2022





- Seoladh an Mhonatóra Forbartha Réigiúnaí
- Glacadh Chlár Chiste AE um Aistriú Cóir
- Cuairt Uachtarán Choiste na Réigiún chun na hÉireann

## 2023




- Seoladh Chlár Chiste AE um Aistriú Cóir



- Bhí Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ina chomh-bhuaiteoirí de Dhuaiseanna Pleanála IPI 2023 faoin gcatagóir um Thaighde agus Nuáil don Mhonatóir Forbartha Réigiúnaí

- Ceapadh EMRA mar Phointe Teagmhála Náisiúnta don Tionscnamh Uirbeach Eorpach
- Glacadh 2ú Tuarascáil Monatóireachta RSES



- Thionól EREO comhdháil um maoiniú AE i mBaile Átha Luain, áit ar sheol sí scéalta Léarscáil Ratha 2014 - 2020 um Chomhoibriú Críche Eorpach

## 2024



- Bhronn an Coimisiún Eorpach stádas 'Gleann Nuála Réigiúnaí'
- Seoladh shuíomh gréasáin nua EMRA
- Imeacht forbartha cumais náisiúnta ar Bauhaus Nua Eorpach arna eagrú ag an Tionscnamh Uirbeach Eorpach i Luimneach

# Liosta de Chomhaltaí EMRA

## COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

EMMA BLAIN – FINE GAEL
DANNY BYRNE – FINE GAEL
FIONA CONNOLLY – LABOUR
DECLAN FLANAGAN – FINE GAEL
DEIRDRE HENEY – FIANNA FÁIL
FELJIN JOSE – GREEN PARTY
DERMOT LACEY – LABOUR
MICHEÁL MAC DONNCHA – SINN FÉIN
AOIBHEANN MAHON – FIANNA FÁIL

## COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE_RÁTH AN DÚIN

JP DURKAN – FINE GAEL
JUSTIN MOYLAN – FIANNA FÁIL
OISÍN O'CONNOR – GREEN PARTY
BARRY SAUL – FINE GAEL

## COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

EIMEAR CARBONE MANGAN – FIANNA FÁIL
DAVID HEALY – GREEN PARTY
TONY MURPHY – INDEPENDENT
TOM O'LEARY – FINE GAEL

## COMHAIRLE CONTAE CHILL DARA

KEVIN DUFFY – FINE GAEL
PÁDRAIG McEVOY – INDEPENDENT
ROBERT POWER – FIANNA FÁIL

## COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

CAROLINE DWANE STANLEY – INDEPENDENT
CATHERINE FITZGERALD – FIANNA FÁIL
JOHN KING – FINE GAEL

## COMHAIRLE CHONTAE AN LONGFOIRT

MICK CAHILL – FIANNA FÁIL
GARRY MURTAGH – FINE GAEL
PAUL ROSS – FINE GAEL

## COMHAIRLE CONTAE LÚ

EMMA COFFEY – FIANNA FÁIL
RACHEL KERLEY – FINE GAEL

## COMHAIRLE CHONTAE NA MÍ

MIKE BRAY – FIANNA FÁIL
JOE FOX – FINE GAEL
FELJIN JOSE – INDEPENDENT

## COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ

NEIL FEIGHERY – FINE GAEL
EDDIE FITZPATRICK – FIANNA FÁIL
SEAN O'BRIEN – INDEPENDENT

## COMHAIRLE CONTAE ÁTHA CLIATH THEAS

DAVID McMANUS – FINE GAEL
JACQUELINE SHEEHY – FIANNA FÁIL
JOANNA TUFFY – LABOUR

## COMHAIRLE CHONTAE NA HIARMHÍ

NIALL GAFFNEY – FIANNA FÁIL
AENGUS O'ROURKE – FIANNA FÁIL

## COMHAIRLE CHONTAE CHILL MHANTÁIN

AVRIL CRONIN – FINE GAEL
PATSY GLENNON – FIANNA FÁIL
GERRY O'NEILL – INDEPENDENT



# Liosta de Chomhaltaí CoR

## Comhaltaí Iomlána

### COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

**GILLIAN COUGHLAN**
FIANNA FÁIL

### COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

**EMMA BLAIN**
FINE GAEL

**DERMOT LACEY**
LABOUR

### COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

**CLARE COLLERAN MOLLOY**
FIANNA FÁIL

### COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

**JIMMY McCLEARN**
FINE GAEL

**DECLAN McDONNELL**
INDEPENDENT

### COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

**CAROLINE DWANE STANLEY**
INDEPENDENT

### COMHAIRLE CHONTAE AN LONGFOIRT

**MICK CAHILL**
FIANNA FÁIL

### COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN

**BRÍDÍN MURPHY**
FINE GAEL

## Comhaltaí Malartacha

### COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

**DAN BOYLE**
GREEN PARTY

**FERGAL DENNEHY**
FIANNA FÁIL

**KIERAN McCARTHY**
INDEPENDENT

### COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL

**JACK MURRAY**
SINN FÉIN

### COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE_RÁTH AN DÚIN

**BARRY SAUL**
FINE GAEL

### COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

**TONY MURPHY**
INDEPENDENT

### COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN

**MARY HOADE**
FIANNA FÁIL

### COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ

**NEIL FEIGHERY**
FINE GAEL

### COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

**JOE HANNIGAN**
INDEPENDENT



# Beartais agus Straitéisí

- Plean Uile-Éireann um Pailneoirí
- Seirbhísí Poiblí Níos Fearr
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024
- Plean Soghluaisteachta Tuaithe Connecting Ireland
- Rialachán na bhForálacha Coiteanna - Rialachán (AE) 2021/1060
- An Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Rialachán um an gCiste um Aistriú Cóir 2021-2027 - Rialachán (AE) 2021/1056
- An Straitéis um Sholáthar Poiblí Glas
- Tithíocht do Chách
- Dualgas Chearta an Duine agus Comhionannais na hEarnála Poiblí a chur i bhFeidhm
- 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht
- An Plean Forbartha Náisiúnta
- An Creat Pleanála Mara Náisiúnta
- An Creat Pleanála Náisiúnta
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe
- An Straitéis Náisiúnta um Speisialú Cliste
- Todhchaí Thuathcheantair na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe
- Pleananna Fiontraíochta Áitiúla
- An Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach
- An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042

# Comhaontú Seirbhíse, seirbhísí comhroinnte agus Meabhrán Tuisceana

**Tá seirbhísí comhroinnte á n-úsáid ag EMRA agus tá comhaontuithe seirbhíse déanta aige leis na gcomhlachtaí a leanas:**

- MyPay
- CS (Comhaontú Seirbhíse) leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- CS leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- CS leis an Roinn Iompair
- CS leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra - an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre
Eastern and Midland Regional Assembly

3ú Urlár Thuaidh
Ionad Cathartha Bhaile Munna
An Phríomhshráid
Baile Átha Cliath 9
D09C8P5

**Teil:** +353 1 807 4482
**Ríomhphost:** info@emra.ie
**Suíomh gréasáin:** www.emra.ie

**www.emra.ie**